Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Cumadóireacht Damhsaí

Scileanna Éisteachta

Ceol Gaelach

Stíleanna

Ceolchasadh

Armóin

Stair an Cheoil

Máirseáil

Mendelssohn, A Midsummer Night's Dream



- Méadar: 2 nó 4 i mbarra
- Amchomharthaí: 2/4, 4/4, 2/2 nó 6/8
- Is féidir toiseacht le buille anuas nó le buille suas
- Míreanna rialta, ar comhfhad
- Luas: measartha
- Foirm dhénártha agus foirmeacha eile
- Rithimí poncaithe
- Tá máirseálacha le fáil i stór clasaiceach agus traidisiúnta

Minit

Bach, Brandenburg Concerto Uimh. 1



- Méadar: 3 i mbarra
- Amchomharthaí 3/4
- Is féidir leis toiseacht le buille anuas nó buille suas
- Míreanna rialta, ar comhfhad
- Luas: mall, maorga
- Foirm dhénártha
- Fuarthas an mhinit go coitianta sa tsraith Bharócach. Sa ré Chlasaiceach, is minic a d'úsáidtí an mhinit-agus-tríréad le haghaidh an 3ú gluaiseacht de shiansa

Válsa

Tchaikovsky, Sleeping Beauty



- Méadar: 3 i mbarra
- Amchomharthaí: 3/4 nó 3/8
- Is féidir toiseacht le buille anuas nó le buille suas
- Míreanna rialta, ar comhfhad
- Luas: measartha go tapa
- Foirm dhénártha go minic ach is féidir leis a bheith i bhfoirm thrínártha
- Tháinig an Válsa chun cinn san 18ú céad mar dhamhsa bálseomra do lánúineacha i ngreim a chéile

Gabhóid

Lully, Gavotte



- Méadar: 2 i mbarra
- Amchomharthaí: 4/4 nó 2/2
- Tosaíonn míreanna ar mhinim buille suas
- Míreanna rialta, ar comhfhad
- Luas: mall go measartha
- Foirm dhénártha
- Pointe scíthe soiléir ag deirí míreanna
- Chuirtí an ghabhóid leis go minic mar ghluaiseacht i sraitheanna damhsa Barócac

Ríl

Trad., McLeod's Reel



- Méadar: 2 i mbarra
- Amchomharthaí: 4/4, 2/2 nó 2/4
- Is féidir toiseacht le buille anuas nó le buille suas
- Míreanna rialta, ar comhfhad
- Luas: tapa
- Foirm dhénártha
- Gluaiseacht ghníomhach chamán coitianta
- Fonn traidisiúnta na hÉireann a tháinig go hÉireann ón bhFrainc, trí Albain sna 1700idí

Gigue

Bach, Sraith Dordveidhle Uimh.1



- Méadar: 2 nó 4 i mbarra
- Amchomharthaí: 6/8 nó 12/8
- Is féidir toiseacht le buille anuas nó buille suas
- Míreanna rialta, ar comhfhad
- Luas: tapa agus bríomhar
- Foirm dhénártha
- Is gluaiseacht chaighdeánach a bhí sa gigue sa tsraith Bharócach

Port

Trad., A Pantomime Jig



- Méadar: 2 i mbarra
- Amchomharthaí: 6/8
- Is féidir toiseacht le buille anuas nó le buille suas
- Míreanna rialta, ar comhfhad
- Luas: tapa agus bríomhar
- Foirm dhénártha
- Fonn traidisiúnta na hÉireann, a shíltear a bheith ar an gcineál is sine fonn damhsa traidisiúnta in Éirinn

CC BY NC